Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13512/22**

**FIN 1063**
**INST 369**
**PE-L 35**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13208/22 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2022 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2022 |

1. An 5 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2022, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

   Is é is cuspóir don togra EUR 41.72 milliún san iomlán i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a aistriú ó Airteagal 11 10 01 (*an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)*) go hAirteagail 10 02 01 (an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht) agus 10 10 01 *(Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)*), mar a leagtar amach in 13208/22 é.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Tá an t-aistriú á mholadh chun an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (EUR 29.72 milliún) a mhéadú d’fhonn clúdach Cúnaimh Éigeandála na Saoráide Téamaí a threisiú, áit a bhfuil ardleibhéal éilimh ó na Ballstáit i gcónaí. Is maidir leis an gcogadh san Úcráin go príomha a baineadh úsáid as an gcúnamh éigeandála le bliain anuas. Baineann an méadú a iarradh do EUAA (EUR 12 mhilliún) le himscaradh na saineolaithe agus na n-ateangairí breise i ndiaidh ghéarchéim na hÚcráine.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo le haghaidh aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 11 Deireadh Fómhair 2022.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 13208/22 é; agus

- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig:Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip: Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(4) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2022 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2022.

(Beannacht scoir).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).